Ollscoil na Gaillimhe
University of Galway

Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge

# Léann Teanga

## (MA/Dioplóma Iarchéime)



Is é aidhm an chúrsa seo oiliúint i ngnéithe den Léann Teanga a chur ar mhic léinn a chuirfidh ar a gcumas feidhmiú go gairmiúil trí Ghaeilge, in earnálacha éagsúla. Tabharfar léargas do na mic léinn ar bhunghnéithe faoi leith den Léann Teanga. Díríonn na mic léinn, trí mhodúil sainábhair, ar cheann amháin de na príomhdhisciplíní seo a leanas: Aistriúchán nó Pleanáil Teanga.

Cuirfear oiliúint ar fáil i ngnéithe tábhachtacha den Léann Teanga: Cruinnscríobh na Gaeilge, Modheolaíochtaí Taighde, an Scríbhneoireacht Acadúil.

### Deiseanna gairme

Ullmhóidh an cúrsa seo thú chun tabhairt faoi ghairm in earnáil na teanga. I measc na n-eagraíochtaí a fhostaíonn mic léinn de chuid an chúrsa seo, tá institiúidí an Aontais Eorpaigh, institiúidí aistriúcháin de chuid an Stáit, cuideachtaí príobháideacha aistriúcháin, údaráis áitiúla, eagraíochtaí forbartha de chuid an Stáit, institiúidí oideachais, eagraíochtaí pobail, etc.

### Riachtanais iontrála

Bunchéim 2:2 ag leibhéal 8 nó 2:2 i gclár iarchéime i réimse gaolmhar, mar aon le caighdeán sásúil i scríobh na Gaeilge. Is féidir le hiarrthóirí nach bhfuil na cáilíochtaí acadúla cuí acu, ach a bhfuil ar a laghad cúig bliana de thaithí ghairmiúil acu i réimse gaolmhar d’earnáil na teanga, iarratas a dhéanamh faoi chóras na hOllscoile d’Aitheantas don Réamhfhoghlaim (RPL).

www.ollscoilnagaillimhe.ie/acadamh

Ollscoil na Gaillimhe
University of Galway

Acadamh na
hOllscolaíochta Gaeilge







## Cúiseanna chun tabhairt faoin gcúrsa

- Ullmhóidh an cúrsa seo thú chun tabhairt faoi ghairm in earnáil na teanga.
- Beidh deis speisialtóireacht a dhéanamh i réimse an Aistriúcháin nó na Pleanála Teanga.
- I measc na n-eagraíochtaí a fhostaíonn iarchéimithe an chúrsa seo, tá institiúidí an Aontais Eorpaigh, institiúidí aistriúcháin de chuid an Stáit, cuideachtaí príobháideacha aistriúcháin, údaráis áitiúla, eagraíochtaí forbartha de chuid an Stáit, institiúidí oideachais, eagraíochtaí pobail, etc.

*“Tá na scileanna a thugann na mic léinn leo ón gcúrsa seo thar a bheith tairbheach dóibh agus iad ag dul amach sa mhargadh oibre. Tá sé sin feicthe go soiléir againne i nGaillimh le Gaeilge i gcás na mac léinn a tháinig ar thaithí oibre linn anseo.”*

**Bríd Ní Chonghóile, Ardfheidhmeannach, Gaillimh le Gaeilge**

**Leibhéal an chúrsa:** MA / Dioplóma Iarchéime ag Leibhéal 9

**Fad ama:** Go páirtaimseartha thar dhá bhliain acadúla don Dioplóma Iarchéime. Scríobhfaidh mic léinn an MA tráchtas idir Aibreán agus Lúnasa tar éis an dara bliain. Lena chois sin, is féidir tabhairt faoin gclár seo ar bhonn modúil.

**Líon áiteanna:** 20

**Conas iarratas a dhéanamh:**
https://www.universityofgalway.ie/postgraduateapplications

**Táillí:** €3,300 sa bhliain. D'fhéadfadh an táille seo athrú i rith na bliana. Is féidir eolas faoi tháillí reatha an chúrsa a fháil ar www.universityofgalway.ie/fees.

**Cathain iarratas a dhéanamh:**
Níl aon dáta deiridh leagtha síos ag Ollscoil na Gaillimhe maidir le glacadh le hiarratais (seachas i gcásanna eisceachtúla). Eiseofar tairiscintí ar bhonn leanúnach. Iarrtar ar dhaoine iarratais a dhéanamh chomh luath agus is féidir. Chun na mionsonraí ar fad a fheiceáil maidir le cathain agus conas iarratas a dhéanamh féach http://www.universityofgalway.ie/courses/taught-postgraduate-courses/

Eolas faoi chúrsaí ag
www.ollscoilnagallaimhe.ie/acadamh

## Tuilleadh eolais:

Tomás Ó Maolalaidh
t: +353 91 49 2734